# Maynooth University
# Ollscoil Mhá Nuad

## Department of English & The Arts Council
## Writer in Residence 2025

### The Role

Maynooth University is committed to a strategy in which the primary University goals of excellent research and scholarship and outstanding education are interlinked and equally valued.

The Arts Council and Maynooth University invite applications from mid-career and established writers for Writer in Residence for the calendar year 2025.

The Arts Council Writer in Residence programme was established to provide a stimulating environment for the resident writer, as well as to afford a degree of financial support to concentrate on their own practice. Additionally, the residency brings energy and dynamism to the university, and allows students and faculty to engage with a practicing writer for a concentrated period.

### Principal Duties

The Writer in Residence will be engaged for the calendar year 2025 and will be situated in the Department of English in Maynooth University, with the opportunity to engage with the wider campus.

The residency will be divided into two parts:

1. From January to June 2025 the Writer in Residence will be supported to engage with students and staff. This programme of engagement will be designed by the resident writer, in consultation with the faculty of the university, and could include focused teaching, workshops, mentoring, public events or other activities which bring new energy to the creative writing programme.
2. The writer in residence will contribute 2-4 hours per week to the MA in Creative Writing and will hold additional office hours. Contact time with staff and students will be capped at 4 hours per week. The writer will not be expected to deliver core curriculum.
3. From July onwards, the writer will be supported to concentrate his or her own practice.

## Eligible Candidates

The residency is open to **mid-career and established writers** working in prose fiction, poetry, creative non-fiction, and children's fiction and poetry.

To be **eligible to apply**, applicants must:

- Be resident in the Republic of Ireland.
- Have a publishing track record in the areas of prose fiction, poetry, creative non-fiction, graphic novels and/or children's fiction and poetry. Applications from writers who have not published in these areas will not be considered. Writers working exclusively as playwrights are not eligible for this residency.
- **Be mid-career or established writers.** For the purpose of the Arts Council residency programme, mid-career and established is defined by the Arts Council as writers and illustrators with a demonstrable publishing track record, having published at least one full collection, novel or picture book with an independent, recognised publisher.
- The residency is only open to writers who have not undertaken an Arts Council/university residency in 2024. This is to ensure that a range of artists can avail of these unique opportunities.
- In line with the Public Sector Equality and Human Rights Duty, the Arts Council is committed to ensuring that it takes positive policy measures to promote equality of opportunity for all those living in Ireland, regardless of their gender, sexual orientation, civil or family status, religion, age, disability, race or membership of the Traveller Community. Furthermore, the Arts Council notes the ground of socioeconomic background as a further basis for which equality of opportunity must be guaranteed. The Arts Council therefore welcomes applications that are representative of the diversity of Irish society, including but not limited to any of the characteristics outlined above.

## Making an Application

To make an application, writers should provide the following three documents:

1. A detailed proposal of 1-2 pages, which sets out how they would promise to engage with students, staff and the wider campus, and relevant experience to support this approach.
2. A one-page artist's statement, which describes how the residency could impact on the artist's practice.
3. A detailed CV, setting out artistic achievements and accomplishments. This should be no longer than 3 pages.

## Assessment Process

Upon receipt of applications, the Arts Council and Maynooth University will determine the eligibility of applications.

Your application will be deemed ineligible, and will not go any further in the process, if any of the following is true:

1. You miss the application deadline.
2. You do not meet the eligibility requirements outlined above.

3. You do not submit the three required documents as outlined above.

## Selection and Appointment

Following this, the Arts Council and Maynooth University will establish a selection committee, which will be made up of one representative from Maynooth University, one from the Arts Council and an external panellist with literary expertise. The selection committee will shortlist applicants based on the following criteria:

- artistic track record of applicant
- quality of idea/approach (referred to above), as outlined in the application, and the potential impact it could make on the relevant university department and university as a whole
- potential impact of residency on writer's own creative practice

## **A shortlist will be established** (of no more than 4 writers).

- Only shortlisted candidates will be invited to attend for interview
- It is anticipated that interviews will be held in early December 2023
- Interviews will be held by video conference call
- Appointments will be approved by the President based on the report of the selection board
- The panel will make the final decision based on the above criteria and decisions will be communicated in December 2024
- The appointment is expected to be effective from 1 January 2025.

## Faculty and Research Institutes

The Faculty of Arts, Celtic Studies and Philosophy comprises the Departments of Ancient Classics, English, History, Media, Music, Philosophy, and the Schools of Celtic Studies (Early Irish and Nua Ghaeilge) and the School of Modern Languages, Literatures and Cultures (Chinese, French, German and Spanish). The role of the Faculty is to co-ordinate the academic activities of individual departments, to oversee the strategic development of departments and to support interdepartmental programmes. The University has also developed a number of interdisciplinary institutes to support excellent research and to build research capacity across disciplines. The role of the Faculty is to co-ordinate the academic activities of individual departments, to oversee the strategic development of departments and to support interdepartmental programmes. The University has also developed a number of interdisciplinary institutes to support excellent research and to build research capacity across disciplines, including the Arts and Humanities Institute.

## The Department

Maynooth University Department of English has sixteen full-time staff members and offers undergraduate and postgraduate courses based on its internationally recognised research strengths in Anglophone and other literatures from the early modern period to the present day. The study of Anglophone literatures across the early modern and modern period has long been at the forefront of the mission of the Department. We aim to provide our students with an exciting and rewarding learning experience. Our internationally recognised lecturers are dedicated to allowing students to achieve their full potential as readers, writers, and critics, as well as citizens of a complex world. Our extensive suite of core and option modules in English and Anglophone literatures at the BA level are carefully designed to provide learners with the knowledges, competencies, and challenges of the discipline, as well as important transferable skills. At postgraduate level, the Department offers a taught MA programme,

“Literatures of Engagement”, dedicated to exploring literature’s place in the world, a taught MA programme in Creative Writing, as well as a structured PhD programme.

## The University

Maynooth University is a very distinctive university, a collegial institution focused on science and engineering, humanities, and social sciences, and equally committed to research, teaching and community engagement. Located in Ireland’s only university town, its distinctive features and character owe much to its unique history and heritage. It provides a high-quality educational experience to over 13,500 students on a campus with 18th century roots and 21st century dynamism.

The strategic trajectory and accomplishments of Maynooth University in the 25 years since its establishment as an autonomous public university are exceptional, and a source of great pride to the university community, staff, students and alumni. Maynooth University is now acknowledged to be one of the leading young universities in the world, and in 2022 ranked # 1 in Ireland in the latest Times Higher Education (THE) Best Young University Rankings. Maynooth University’s growing global reputation is based on the originality, quality, importance and impact of its research and scholarship, commitment to teaching and learning, the quality of academic programmes, and its leadership in widening participation in higher education. The sources of success are the dedication of its staff and the energy and engagement of its students.

Maynooth University is a place of lively contrasts – a modern institution, dynamic, rapidly-growing, research-led and engaged, yet grounded in historic academic strengths and scholarly traditions. With over 15,000 students Maynooth offers a range of programmes at undergraduate, postgraduate and doctoral level in the humanities, science and engineering and social sciences, including business, law and education. The University also offers a range of international programmes and partnerships.

Maynooth’s unique collegial culture fosters an interdisciplinary approach to research, which its world-class academics bring to bear in tackling some of the most fundamental challenges facing society today. The University’s research institutes and centres consolidate and deliver this impact as vibrant communities of learning, discovery and creation. Research at Maynooth also is very much central to its teaching and the University prides itself on placing equal value on its research and teaching missions.

### Principles and Values

Maynooth University is committed to the following values:

- Scholarly rigour;
- Academic freedom;
- Integrity and ethical behaviour;
- Collegiality, transparency and trust;
- Equality, inclusiveness and social justice;
- Operational excellence, organisational flexibility and responsiveness;
- Dignity, respect and care for the individual.

### Strategy 2023 - 2028

The University’s Strategic Plan 2023-28 builds from a position of confidence. Maynooth University is a University with ambition, vision and values, a clear identity and sense of purpose, a history of achievement, and a future of considerable promise. The Strategy builds on the University’s accomplishments and concentrates institutional energy and resources on further development of research and postgraduate education.

**For more information please visit http//www.maynoothuniversity.ie/about-us/university-strategic-plan**

## Data Protection Law

Maynooth University will process any personal data provided by you in connection with an application for this role in accordance with the General Data Protection Regulation and the Data Protection Acts 2018.

If your application is successful and you accept an offer of employment at Maynooth University, then your personal data will continue to be processed in accordance with Maynooth University's Staff Data Privacy Notice.

Both the privacy notices and further information relating to data protection, including Maynooth University's other data protection policies and processes, can be viewed at https://www.maynoothuniversity.ie/data-protection

## Equality and Diversity

Maynooth University values the enrichment that comes from a diverse community and seeks to promote equality, prevent discrimination and protect the human rights of each individual. To learn more about our commitment to Equality and Diversity, please read the Maynooth University Equality and Diversity Policy. Additionally, as an Athena SWAN Bronze Award Institute, we are committed to advancing gender equality across the University.

We aim to reflect the diversity of the community we serve and welcome applications from all individuals, in particular from people underrepresented in our workforce.

## Terms and Conditions

The place of work is the campus of Maynooth University, Maynooth, Co. Kildare.

Garda vetting or clearance may be required by the University.

## Fee

The fee to the Writer in Residence is €30,000, with the Arts Council contributing €20,000 and the university €10,000. Maynooth University will provide the Writer in Residence with a dedicated space, where they can conduct their own creative practice, within the university. Maynooth University will also support the residency administratively.

The entire fee will be paid to the writer directly by the Arts Council. It will be paid in two instalments, with a final report by the writer at the conclusion of the residency.

## Closing Date:

17:30hrs (local Irish time) on **Thursday 3rd October 2024.**

Please note all applications must be made via our **Online Recruitment Portal** at the following link:

https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/vacancies

Applications must be submitted by the closing date and time specified above. Any applications which are still in progress at the closing time on the specified closing date will be cancelled automatically by the system.

Late applications will not be accepted.

**Maynooth University is an equal opportunities employer.**

**The position is subject to the Statutes of the University.**

# Ollscoil Mhá Nuad
# Maynooth University

## Scoil an Bhéarla & An Chomhairle Ealaíon
## Scríbhneoir Cónaithe 2025

### An Ról

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do straitéis ina bhfuil spriocanna bunaidh sin na hOllscoile, barr feabhais sa taighde agus sa scoláireacht agus oideachas den chéad scoth, fite fuaite ina chéile agus an meas céanna orthu.

Cuireann an Chomhairle Ealaíon agus Ollscoil Mhá Nuad fáilte roimh iarratais ó scríbhneoirí atá i lár a ngairmréime agus scríbhneoirí aitheanta le haghaidh Scríbhneoir Cónaithe don bhliain féilire 2025.

Bunaíodh scéim Scríbhneoir Cónaithe na Comhairle Ealaíon chun timpeallacht spreagthach a chur ar fáil don scríbhneoir cónaithe, chomh maith le roinnt tacaíocht airgeadais a sholáthar dó le díriú ar chleachtas an scríbhneora féin. Anuas air sin, cuireann an chónaitheacht fuinneamh agus spleodar leis an ollscoil, agus tugtar deis do na mic léinn teagmháil a dhéanamh le scríbhneoir atá i mbun na ceirde ar feadh dlúth-thréimhse.

### Príomhdhualgais

Fostófar an Scríbhneoir Cónaithe don bhliain féilire 2025, beidh sé lonnaithe i Scoil an Bhéarla in Ollscoil Mhá Nuad, agus beidh deis aige dul i ngleic le pobal an champais níos leithne.

Roinnfear an chónaitheacht ina dhá cuid:

2. Ó mhí Eanáir go mí an Mheithimh 2025, tacófar leis an Scríbhneoir Cónaithe chun dul i ngleic le mic léinn agus leis an bhfoireann ollscoile. Déanfaidh an scríbhneoir cónaitheach an clár rannpháirtíochta seo a dhearadh, i gcomhar le foireann na hollscoile, agus d'fhéadfadh go mbeadh teagasc dírithe, ceardlanna, meantóireacht, imeachtaí poiblí nó gníomhaíochtaí eile a chuireann fuinneamh nua leis an gclár scríbhneoireachta cruthaithí mar chuid den chlár sin.
4. Tabharfaidh an scríbhneoir cónaithe 2-4 uair sa tseachtain don MA sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach, agus beidh uaireanta oifige breise aige. Is é ceithre uair an chloig in aghaidh na seachtaine an t-uasmhéid ama teagmhála a bheidh ag an scríbhneoir leis an bhfoireann

agus le mic léinn le linn an ama seo. Ní bheidh ar an scríbhneoir curaclam príomhúil a sheachadadh.

5. Ó mhí Iúil ar aghaidh, tacófar leis an scríbhneoir chun díriú ar a chleachtas féin.

## Iarrthóirí Incháilithe

Tá an chónaitheacht oscailte do scríbhneoirí atá **i lár a ngairmréime agus scríbhneoirí aitheanta** atá ag obair i bhficsean próis, filíocht, neamhfhicsean cruthaitheach chomh maith le scríbhneoirí atá ag obair ar fhicsean agus filíocht do leanaí.

Le bheith **i dteideal iarratas a dhéanamh**, ní mór d'iarratasóirí:

- A bheith ina gcónaí i bPoblacht na hÉireann.
- Cuntas teiste san fhoilsitheoireacht a bheith acu sna réimsí seo a leanas: ficsean próis, filíocht, neamhfhicsean cruthaitheacht, úrscéalta grafacha agus/nó ficsean agus filíocht do leanaí. Ní ghlacfar le hiarratais ó scríbhneoirí nár foilsíodh sna réimsí sin. Níl scríbhneoirí a oibríonn mar dhrámadóirí amháin incháilithe don chónaitheacht seo.
- **A bheith mar scríbhneoirí atá i lár a ngairmréime nó atá aitheanta.** Chun críche chlár cónaitheachta na Comhairle Ealaíon, déanann an Chomhairle Ealaíon sainmhíniú ar i lár na gairmréime agus aitheanta mar scríbhneoirí a bhfuil cuntas teiste foilsitheoireachta soiléir acu, tar éis dóibh ar a laghad cnuasach iomlán amháin, úrscéal nó leabhar pictiúr a fhoilsiú le foilsitheoir neamhspleách, aitheanta.
- Níl an chónaitheacht oscailte ach amháin do scríbhneoirí nár thug faoi chónaitheacht na Comhairle Ealaíon/ollscoile in 2024. Déantar é seo chun deimhniú gur féidir le raon ealaíontóirí ceann de na deiseanna ar leith seo a fháil.
- De réir Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do chinntiú go dtugtar faoi bhearta beartais dhearfaigh chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn do gach duine a chónaíonn in Éirinn, beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó teaghlaigh, creideamh, aois, míchumas, cine nó duine den Lucht Taistil. Ina theannta sin, tarraingíonn an Chomhairle Ealaíon aird ar an gcúlra socheacnamaíoch mar fhoras eile ina gcaithfear comhionannais deiseanna a chinntiú. Dá bhrí sin, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, na tréithe thuasluaite ina measc ach nach bhfuil teoranta dóibh.

## Conas Iarratas a Dhéanamh

Ba cheart do scríbhneoirí na trí cháipéis seo a leanas a chur ar fáil chun iarratas a dhéanamh:

4. Togra mionsonraithe de 1-2 leathanach ina leagtar amach conas a rachfaí i ngleic le mic léinn, leis an bhfoireann agus le pobal an champais níos leithne, mar aon le taithí ábhartha a thacaíonn leis an gcur chuige seo.
5. Ráiteas an ealaíontóra, ar aon leathanach amháin, ina ndéantar cur síos ar an tionchar a bheadh ag an gcónaitheacht ar chleachtas an ealaíontóra.
6. CV mionsonraithe, ina leagtar amach éachtaí agus gaiscí ealaíonta. Níor chóir go mbeadh an CV níos faide ná 3 leathanach.

## An Próiseas Measúnaithe

Ar iarratais a fháil, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon agus Ollscoil Mhá Nuad cinneadh ar cháilitheacht na n-iarratas.

Measfar go bhfuil d'iarratas neamh-incháilithe agus ní chuirfear é chun cinn go dtí an chéad chéim eile den phróiseas má bhaineann aon cheann de na rudaí seo a leanas leis:

4. Chuir tú an t-iarratas isteach i ndiaidh an spriocdháta.
5. Ní chomhlíonann tú na critéir cháilitheachta a leagtar amach thuas.
6. Ní chuireann tú na trí cháipéis riachtanacha isteach mar a leagtar amach thuas.

## Roghnú agus Ceapadh

Ina dhiaidh sin, bunóidh an Chomhairle Ealaíon agus Ollscoil Mhá Nuad coiste roghnúcháin agus beidh ionadaí amháin ó Ollscoil Mhá Nuad, duine amháin ón gComhairle Ealaíon, agus comhalta painéil seachtrach ag a bhfuil saineolas liteartha ar an bpainéal sin. Cuirfidh an coiste roghnúcháin gearrliosta d'iarrthóirí le chéile bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- cuntas teiste ealaíonta an iarratasóra
- caighdeán an smaoinimh/chur chuige (tagraítear don mhéid sin thuas), mar atá le sonrú san iarratas, agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar roinn ábhartha na hollscoile agus ar an ollscoil ar an iomlán.
- an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag an gcónaitheacht ar chleachtas cruthaitheachta an scríbhneora féin

## **Bunófar gearrliosta** (ní bheidh níos mó ná ceathrar scríbhneoirí air).

- Ní thabharfar cuireadh ach d'iarrthóirí a chuirfear ar ghearrliosta freastal ar agallamh.
- Táthar ag súil go dtionólfar na hagallaimh ag tús mhí na Nollag 2023.
- Reáchtálfar na hagallaimh trí ghlaoch físchomhdhála.
- Ceadóidh an tUachtarán na ceapacháin bunaithe ar thuarascáil an bhoird roghnúcháin
- Déanfaidh an painéal an cinneadh deiridh bunaithe ar na critéir thuasluaite agus cuirfear cinntí in iúl i mí na Nollag 2024.
- Táthar ag súil go dtiocfaidh an ceapachán i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025.

## Dámh agus Institiúidí Taighde

Tá Dámh na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na Fealsúnachta comhdhéanta de Ranna na Sean-Chlasaicí, na Staire, an Cheoil, na Fealsúnachta, Scoil an Léinn Cheiltigh (Luath-Ghaeilge agus Nua-Ghaeilge), Scoil na Nuatheangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr, agus Scoil na Nuatheangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr (an tSínis, an Fhraincis, an Ghearmáinis agus an Spáinnis). Is é ról na Dáimhe comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí acadúla na ranna éagsúla, maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach na ranna agus tacú le cláir idir-rannacha. Tá roinnt institiúidí idirdhisciplíneacha ceaptha ag an Ollscoil chun tacú le taighde den scoth agus chun cumas taighde a fhorbairt sna disciplíní ar fad. Is é ról na Dáimhe comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí acadúla na ranna éagsúla, maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt straitéiseach na ranna agus tacú le cláir idir-rannacha. Tá roinnt institiúidí idirdhisciplíneacha ceaptha ag an Ollscoil chun tacú le taighde den scoth agus chun cumas taighde a fhorbairt sna disciplíní ar fad, lena n-áirítear Institiúid na nEalaíon agus na nDaonnachtaí.

## An Roinn

Tá sé bhall foirne déag lánaimseartha ag Roinn an Bhéarla Ollscoil Mhá Nuad agus cuireann sí cúrsaí fochéime agus iarchéime ar fáil bunaithe ar a láidreachtaí taighde atá aitheanta go hidirnáisiúnta i litríocht an Bhéarlóra agus i litríochtaí eile ó thréimhse na nua-aoise luaithe go dtí an lá atá inniu ann. Tá an staidéar ar litríochtaí an Bhéarlóra thar tréimhse na nua-aoise luaithe agus nua-aoise chun tosaigh i misean na Roinne le fada an lá. Tá sé mar aidhm againn eispéireas foghlama spreagúil agus tairbheach a chur ar fáil dár mic léinn. Tá ár léachtóirí atá aitheanta go hidirnáisiúnta tiomanta chun ligean do mhic léinn a gcumas iomlán a bhaint amach mar léitheoirí, scríbhneoirí, agus criticí, agus mar shaoránaigh de dhomhan casta. Tá ár sraith fhairsing de chroí-mhodúil agus de mhodúil roghnacha i litríochtaí an Bhéarla agus an Bhéarlóra ag leibhéal BA curtha le chéile go cúramach chun eolas, inniúlachtaí agus dúshláin an disciplín chomh maith le scileanna tábhachtacha inaistrithe a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí. Ag leibhéal iarchéime, cuireann an Roinn clár MA múinte ar fáil, "Literatures of Engagement", atá tiomanta d'áit na litríochta sa domhan a fhiosrú, clár MA mhúinte sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach, chomh maith le clár PhD struchtúrtha.

## An Ollscoil

Is ollscoil faoi leith í Ollscoil Mhá Nuad, institiúid choláisteach atá dírithe ar an eolaíocht agus ar an innealtóireacht, ar na daonnachtaí agus ar na heolaíochtaí sóisialta, agus chomh tiomanta céanna don taighde, don teagasc agus do rannpháirtíocht sa phobal. Suite san aon bhaile ollscoile in Éirinn, cuireann stair agus oidhreacht uathúil an bhaile go mór le carachtar agus le féiniúlacht na hinstitiúide. Cuirtear oideachas ar ardchaighdeán ar fáil do bhreis is 13,500 mac léinn ar an gcampas, áit a bhfuil fréamhacha an 18ú haois agus fuinneamh an 21ú haois araon ag baint léi.

Ó bunaíodh Ollscoil Mhá Nuad mar ollscoil phoiblí neamhspleách 25 bliain ó shin, tá forbairt shuntasach straitéiseach agus éachtaí as cuimse déanta aici, rud atá ina údar iontach mórtais ag baill foirne, ag mic léinn, ag céimithe agus ag pobal na hOllscoile araon. Aithnítear Ollscoil Mhá Nuad anois i measc na bpríomhollscoileanna óga is fearr ar domhan, agus í sa chéad áit sa liosta is déanaí de 'na hOllscoileanna Óga is Fearr' sa bhliain 2022, atá foilsithe ag Times Higher Education (THE). Tá an dea-cháil atá ar Ollscoil Mhá Nuad ar fud an domhain bunaithe ar an nuálaíocht, an caighdeán, an tábhacht agus tionchar a cuid taighde agus scoláireachta, an tiomantas don oideachas agus don fhoghlaim, caighdeán na gclár acadúil, agus an cheannaireacht atá léirithe aici chun an rannpháirtíocht san ardoideachas a leathnú. Is iad tiomantas na mball foirne agus fuinneamh agus rannpháirtíocht na mac léinn is cúis leis an rath seo atá ar an Ollscoil.

Is áit í Ollscoil Mhá Nuad a bhfuil roinnt codarsnachtaí ag baint léi - institiúid nua-aimseartha, dhinimiciúil atá ag fás go tapa agus í dírithe ar an taighde agus í rannpháirteach, ach tá sí fréamhaithe freisin sna buanna acadúla agus sna traidisiúin léinn. Cuireann an Ollscoil réimse leathan clár fochéime, iarchéime agus dochtúireachta ar fáil do bhreis is 15,000 mac léinn sna daonnachtaí, san eolaíocht agus innealtóireacht, sna heolaíochtaí sóisialta, lena n-áirítear an gnó, an dlí agus an t-oideachas. Cuireann an Ollscoil réimse leathan de chláir agus de chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ar fáil chomh maith.

Cothaíonn an cultúr uathúil comhghleacúil atá le fáil in Ollscoil Mhá Nuad cur chuige idirdhisciplíneach i leith an taighde, cur chuige a chuireann ar chumas na foirne acadúla dul i ngleic le cuid de na dúshláin is mó atá le sárú ag sochaí an lae inniu. Daingníonn institiúidí agus ionaid taighde na hOllscoile tionchar na hoibre sin, trí phobail bhríomhara foghlama, fionnachtana agus chruthaitheachta a chothú. Bíonn an taighde ag croílár an teagaisc san Ollscoil freisin, agus is ábhar bróid don Ollscoil é go bhfuil a misean taighde agus teagaisc ar comhchéim san institiúid.

**Prionsabail agus Luachanna**

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do na luachanna seo a leanas:

- Críochnúlacht i gcúrsaí léinn;
- Saoirse acadúil;

- Ionracas agus iompraíocht eiticiúil;
- Coláisteacht, trédhearcacht agus iontaobhas;
- Comhionannas, ionchuimsitheacht agus ceartas sóisialta;
- Feabhas oibríochtúil, solúbthacht eagraíochtúil agus freagrúlacht;
- Dínit, meas agus cúram don duine aonair.

**Straitéis 2023 - 2028**

Is le tréan muiníne a ceapadh Plean Straitéiseach na hOllscoile 2023-28. Is ollscoil í Ollscoil Mhá Nuad a bhfuil uaillmhian, fís agus luachanna aici, chomh maith le féiniúlacht agus aidhm shoiléir. Tá go leor spriocanna bainte amach cheana féin aici, agus an chosúlacht ann go mbeidh an-rath uirthi amach anseo. Tógann an Plean Straitéiseach ar an méid atá bainte amach go dtí seo ag an Ollscoil, agus dírítear fuinneamh institiúideach agus acmhainní ar fhorbairt bhreise a dhéanamh ar an taighde agus ar an oideachas iarchéime.

**Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig https://www.maynoothuniversity.ie/about-us/university-strategic-plan**

## Dlí Cosanta Sonraí

Is de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí 2018 a próiseálfaidh Ollscoil Mhá Nuad cibé sonraí pearsanta a sholáthraíonn tú maidir le d'iarratas ar an ról seo.

Má éiríonn le d'iarratas agus má ghlacann tú le tairiscint fostaíochta in Ollscoil Mhá Nuad, leanfar ar aghaidh le do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil de réir Fhógra Príobháideachta Foirne Ollscoil Mhá Nuad.

Is féidir féachaint ar na fógraí príobháideachta agus eolas breise maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear beartais agus próisis eile um chosaint sonraí de chuid Ollscoil Mhá Nuad, ag https://www.maynoothuniversity.ie/data-protection

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Is mór ag Ollscoil Mhá Nuad an saibhriú a thagann le pobal ilghnéitheach agus féachaimid le comhionannas a chur chun cinn, le leatrom a sheachaint agus le cearta daonna an uile dhuine a chosaint. Chun tuilleadh eolais a fháil ar ár dtiomantas don Chomhionannas agus Éagsúlacht, is féidir Polasaí Comhionannais agus Éagsúlachta Ollscoil Mhá Nuad a léamh. Lena chois sin, mar institiúid a bhfuil Athena SWAN Bronze Award bainte amach aici, tá muid tiomanta do chur chun cinn an chomhionannais inscne ar fud na hOllscoile.

Féachaimid le héagsúlacht an phobail sin a riaraimid air a léiriú agus fáiltímid roimh iarratais ó chách, go háirithe ó dhaoine atá faoi ghannionadaíocht i bhfoireann na hOllscoile.

## Téarmaí agus Coinníollacha

Is é campas Ollscoil Mhá Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara an áit oibre.

D'fhéadfadh go mbeadh grinnfhiosrúchán nó imréiteach Garda ag teastáil ón Ollscoil.

## Táille

Is é €30,000 an táille don Scríbhneoir Cónaithe, le ranníocaíocht €20,000 ón gComhairle Ealaíon agus ranníocaíocht €10,000 ón ollscoil féin. Cuirfidh Ollscoil Mhá Nuad spás sonrach ar fáil don Scríbhneoir Cónaitheach, áit a mbeidh sé in ann tabhairt faoina chleachtas cruthaitheach féin ar champas na hollscoile. Chomh maith leis sin, tacóidh Ollscoil Mhá Nuad leis an gcónaitheacht ó thaobh cúrsaí riaracháin de.

Tabharfaidh an Chomhairle Ealaíon táille iomlán don scríbhneoir go díreach. Íocfar an táille ina dhá tráthchuid, agus scríobhfaidh an scríbhneoir tuairisc dheiridh ag deireadh na cónaitheachta.

## Spriocdháta:

17:30 (am na hÉireann) **Déardaoin an 3 Deireadh Fómhair 2024.**

Tabhair d'aire nach mór gach iarratas a dhéanamh tríd an **Tairseach Earcaíochta Ar Líne** ag an nasc seo a leanas:

https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/vacancies

Ní mór iarratais a chur isteach faoin dáta deiridh agus faoin am atá sonraithe thuas. Aon iarratas atá fós idir lámha ag an am dúnta ar an dáta deiridh, cuirfidh an córas ar ceal go huathoibríoch iad.

Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.

**Is fostóir comhdheiseanna í Ollscoil Mhá Nuad.**

**Tá an post faoi réir Reachtanna na hOllscoile.**